CINNEADH (AE) 2021/722 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Bealtaine 2021

lena ndéantar sainorduithe an triúr comhaltaí atá ar an gCoiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach faoi láthair a athnuachan agus beirt chomhaltaí nua a cheapadh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 234/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 lena mbunaítear an Coiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 91/116/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 2016/C12/02 ón gCoimisiún ([2]), ceapadh ceathrar comhaltaí den Choiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach ("an Coiste") ar feadh tréimhse 5 bliana. D'imigh sainorduithe na gcomhaltaí sin in éag an 31 Nollaig 2020. D'aontaigh triúr de na comhaltaí le hathnuachan a gcuid sainordaithe.

(2) Tá duine amháin den cheathrar comhaltaí a ceapadh le Cinneadh 2016/C12/02 nach féidir an sainordú atá aige a athnuachan agus dá bhrí sin ba cheart duine eile a chur ina ionad.

(3) Is le Cinneadh 2019/C63/05 ón gCoimisiún ([3]) a ceapadh an t-ochtar comhaltaí eile. Rachaidh a gcuid téarma oifige in éag in 2024. Mar sin féin, tá duine den ochtar comhaltaí sin tar éis éirí as agus dá bhrí sin ba cheart duine eile a chur ina ionad ar feadh a bhfuil fágtha dá théarma oifige.

(4) Ó tharla go bhfuil liosta na n-iarrthóirí arna bhunú le Cinneadh 2019/C63/05 as dáta, chuir na Ballstáit liosta faoi bhráid an Choimisiúin, arna iarraidh sin dó, liosta na n-iarrthóirí a bhfuil cáilíochtaí seanbhunaithe acu i réimse an staidrimh, ionas gur féidir comhaltaí nua den Choiste a cheapadh.

(5) Agus an bheirt chomhaltaí nua á roghnú aige, rinne an Coimisiún a dhícheall a áirithiú gur mar a chéile a dhéanann siad ionadaíocht ar úsáideoirí, freagróirí agus páirtithe leasmhara eile i staidreamh an Aontais (lena n-áirítear pobal na heolaíochta, na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shóisialta).

(6) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle maidir le hathnuachan na sainorduithe agus na ceapacháin nua, agus thug na hinstitiúidí sin tuairim dhearfach uathu,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar sainorduithe Claudiu HERTELIU, Ariane KÖNIG agus Biruta SLOKA a athnuachan ar feadh tréimhse 5 bliana dar tús an 1 Eanáir 2021 agus dar críoch an 31 Nollaig 2025.

Airteagal 2

Ceaptar Roxane SILBERMAN ina comhalta den Choiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach ar feadh tréimhse 5 bliana dar tús an 1 Eanáir 2021 agus dar críoch an 31 Nollaig 2025.

([1]) IO L 73, 15.3.2008, lch. 13.
([2]) Cinneadh 2016/C12/02 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2016 lena gceaptar ceathrar comhaltaí den Choiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach (IO C 12, 15.1.2016, lch. 2).
([3]) Cinneadh 2019/C 63/05 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2019 lena gceaptar ochtar comhaltaí den Choiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach (IO C 63, 18.2.2019, lch. 4).

Airteagal 3

Ceaptar Antti RIPATTI ina chomhalta den Choiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach ar feadh na tréimhse dar tús an 1 Eanáir 2021 agus dar críoch an 8 Bealtaine 2024.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Bealtaine 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN